


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre |
| **Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair** *(más ábhartha)* | Speisialtóir TF Sinsearach |
| **Tréimhse an Phoist:** | Buan (painéal sealadach/buan ar feadh 12 mhí) |
| **Grád:** | Ríomhchláraitheoir 1 |
| **Cnuasach Post agus Leibhéal Gairme** | Teicneolaíocht Faisnéise - Leibhéal Gairme 4 |
| **Uimhir Thagartha do Ghrádú ar Phost** | N/B |
| **Bainisteoir Líne** | An Príomhanailíseoir nó a (h)ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 017901 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Natalia McDonagh |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** | Tá |

## Achoimre ar an bPost:

Is saotharlann fhóiréinseach é MBRS a thacaíonn leis an reachtaíocht um Thrácht ar Bhóithre. Beidh deis ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi a bheith mar chuid d'fhoireann atá tiomanta chun cabhrú le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre ár dtíre agus beatha gach úsáideora bóthair a chosaint. Cuirfidh sé nó sí lena c(h)uid oibre le misean foriomlán MBRS tacú leis an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre agus cabhrú le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn a bhfuil tionchar nach beag ar shábháilteacht fhoriomlán ar bhóithre.

Tá cothabháil líonra MBRS agus a shlándáil sonraí thar a bheith tábhachtach do chúrsaí gnó an Bhiúró. Rialaítear feidhm fhóiréinseach na saotharlainne leis an gCóras Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne (LIMS), Nautilus faoi láthair.

Cuirfidh an Speisialtóir TF leis na hoibríochtaí TF laethúla agus ag an am céanna cabhróidh sé/sí le cothabháil a dhéanamh ar na córais TF atá ann cheana féin. Toisc go bhfuil na sonraí atá i seilbh MBRS an-íogair agus ríthábhachtach ó thaobh an dlí de, beidh ar an té a cheapfar cabhrú le riachtanais an bhiúró maidir le cibearshlándáil agus caillteanas sonraí a chosc.

Tá Speisialtóir TF Sinsearach á lorg againn a bhfuil sárscileanna idirphearsanta aige/aici. Tá gnéithe éagsúla i gceist leis na dualgais, lena n-áirítear cuir chun feidhme, tacaíocht agus riaracháin córas fiontraíochta, gréasáin, tacaíocht d'úsáideoirí deiridh, bainistíocht freastalaithe agus beartas agus nósanna imeachta TF a chothabháil, ach gan a bheith teoranta dóibh

Tá MBRS creidiúnaithe do chaighdeán ISO 17025 agus is timpeallacht oibre í a bhfuil an-chuid nósanna imeachta ag baint léi.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

© Acmhainní Daonna UCD

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi freagrach as seirbhísí nua MBRS a chur chun feidhme agus as tacú leo. Áireofar leis na freagrachtaí:

**An Córas Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne**

- Crua-earraí, bogearraí agus printéirí atá ceangailte leis na LIMS a dhearbhú agus cabhrú leo.
- Cothabháil agus tacaíocht chúil LIMS a sholáthar.
- Earráidí LIMS a réiteach agus réitigh a fhorbairt.
- Bogearraí na hionstraimíochta eolaíche a shocrú agus iad a comhtháthú le LIMS

**Ríomhairí Pearsanta agus Slándáil TF.**

- Tacaíocht TF maidir le crua-earraí agus bogearraí a sholáthar don fhoireann.
- Crua-earraí TF nua a chur i bhfeidhm
- Crua-earraí a dhiúscairt go sábháilte

**Riarachán Líonra**

- Cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar chórais chúltaca den láthair agus ar an láthair le bailíochtú rialta.
- Dualgais bainistíochta fearainn a dhéanamh lena n-áirítear DNS, DHCP, GP agus fadhbanna líonra a réiteach
- Dualgais riaracháin maidir leis an bhFreastalaí Windows lena n-áirítear, bogearraí, crua-earraí agus slándáil

**Freagrachtaí Ginearálta**

- Gach athrú ar chrua-earraí TF a chlárú ar chlár na n-acmhainní TF
- Oibriú le díoltóirí chun a chinntiú go ndéanfar réitigh agus tionscadail shonracha a chomhtháthú go hiomlán
- Sonraíocht Riachtanais an Úsáideora a ullmhú i gcomhar le húsáideoirí deiridh.
- Cabhrú le cibearshlándáil LAN
- Ní mór nósanna imeachta a chomhlíonadh. Nósanna imeachta TF a chruthú agus a uasdátú, aird a tharraingt ar neamhchomhlíonadh, gníomhartha ceartaitheacha a chur chun feidhme agus taifid ar an gcóras bainistíochta cáilíochta leictreonach a chríochnú.
- Cloí le beartas UCD agus MBRS maidir le sláinte agus sábháilteacht i gcónaí.
- Na rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh agus an leibhéal rúndachta is airde a choimeád agus meas a bheith aige/aici ar fhaisnéis a fhaightear agus a d(h)ualgais á gcomhlíonadh aige/aici.
- Coinneáil cothrom le dáta le forbairtí nua ar theicneolaíochtaí faisnéise ar mhaithe le MBRS.

***Ní liosta iomlán é seo agus féadfar go mbeidh dualgais agus freagrachtaí eile le déanamh de réir mar a fhorbraíonn na struchtúir laistigh de MBRS.***

## Gnéithe a bhaineann go sonrach leis an bpost seo:

**Beidh an té a cheapfar lonnaithe ar an láthair sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.**

Ós rud é go mbíonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre i mbun anailíse, ní cead substaintí a bhfuil alcól iontu a thabhairt isteach nó a chaitheamh, i.e. lóis iarbhearrtha, díbholaíoch, cumhrán, etc. Ba chóir cead a fháil ó Stiúrthóir an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre nó óna (h)ainmní sula n-úsáidfear cógais nó aon substaint a bhféadfar alcól a bheith iontu. Ní cead aon alcól a ól le linn an lae agus tá cosc ar chaitheamh tobac ar fud an Aonaid. Mar gheall ar an gcineál oibre a dhéanann an Biúró, ceanglaítear ort gan bheith faoi thionchar aon ábhar meisciúil choíche.

**95 Programmer I_2010 (0145_X) Scála Tuarastail: €57,733 - €69,396 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creat Cnuasach Post ag UCD, agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post [CUIR ISTEACH AINM AN CHNUASAIGH POST] agus tagann sé le Leibhéal Gairme 4. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na cumais feidhme agus na croíchumais a leagtar amach i gCreatlach na nGrúpaí Post ar fáil ar https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- De ghnáth, taithí ghairmiúil 4-5 bliana ar a laghad ag obair i ról a bhaineann le TF in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus cáilíocht tríú leibhéal a bhaineann le TF.
- Taithí ábhartha ar bhainistiú fearainn.
- Taithí chruthaithe ar thacú le húsáideoirí deiridh.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

**Bonneagar agus Néal** - Eolas láidir ar cheann amháin nó ar níos mó ná ceann amháin de na réimsí seo a leanas: Windows OS, Bainistíocht Freastalaí Fhíorúil, Azure, Gsuite, Néalardán Google agus Office 365
**Gréasánú agus Slándáil TF** – Eolas teicniúil suntasach ar cheann amháin nó ar níos mó ná ceann amháin de na réimsí seo a leanas: Gréasánú, TCPIP, DNS, DHCP, Aimsiú Ionraidh, Slándáil Chríochphointe, Feasacht Slándála, Beartas Slándála, Iniúchadh Slándála/Measúnú Riosca, agus Freagairt ar Theagmhais Slándála
**Ollstruchtúr Fiontraíochta** – Eolas suntasach ar straitéis ghnó, próisis, sonraí, feidhmchláir agus bonneagar TF bunúsach agus úsáid á baint as samhlacha agus tacaíochtaí ailtireachta. mapáil a dhéanamh ar an gcaoi a dtacóidh TF leis na riachtanais reatha agus amach anseo atá ag MBRS, ar bhealach éifeachtúil, inbhuanaithe, aclaí agus inoiriúnaithe. Eolas ar theicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus conas is féidir iad a chur i bhfeidhm ar an ollstruchtúr atá ann cheana féin chun freastal ar riachtanais amach anseo.
**Anailís Ghnó** – Sárchumas réitigh a dhéanamh de riachtanais úsáideora, próisis a dhoiciméadú, tuarascálacha a scríobh agus, doiciméadú úsáideora a scríobh.
**Bainistiú Sonraí agus Intleacht / Anailísíocht Ghnó** – Tuiscint láidir ar dhea-chleachtas maidir le bainistiú sonraí, cleachtais maidir le rialachas sonraí agus saincheisteanna teicneolaíochta a bhaineann le bainistiú faisnéise taighde eolaíche trí Tableau nó bogearraí eile atá cosúil leis a úsáid.
**Ilmheáin** - Cumas suntasach ábhar teicniúil a léirshamhlú do MBRS de réir mar a éilítear agus cabhrú leis an bhfoireann nó oiliúint a chur orthu i ndáil le hábhar ilmheánach a chruthú, lena n-áirítear cur i láthair, grafaicí, fuaim, agus físeán.
**Tacaíocht agus Oiliúint maidir le Bogearraí** – Cumas cruthaithe dul i dtaithí ar fheidhmchláir bogearraí nua i dtimpeallacht eolaíoch.

**Príomhinniúlachtaí**

**Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2**) - Cumas a chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht chuí ag páirtithe leasmhara i gcláir/dtionscadail athraithe. Cur chuige dearfach a ghlacadh chun dul i ngleic le hobair agus fáilte a chur roimh athrú.
**Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta 2)** – Cumas a chinntiú go sainítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna inghnóthaithe,

garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina aghaidh.
**Caidrimh a Thógáil (Leibhéal Oilteachta 2)** – Cumas caidrimh oibre éifeachtacha a chruthú laistigh de do réimse féin agus ar bhonn níos leithne. Comhoibriú agus comhar tréan a spreagadh i ndaoine eile agus comhpháirtíocht a chothú chun torthaí a bhaint amach.
**Feasacht Oibríochtúil (Leibhéal Oilteachta 3)** - Sárthuiscint ar MBRS a léiriú, lena n-áirítear na feidhmeanna agus struchtúir rialachais.
**Pleanáil agus Eagrúchán (Leibhéal Oilteachta 3)** – Cumas a c(h)uid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach agus tosaíochtaí soiléire a leagan amach chun a chinntiú go mbainfear spriocdhátaí amach.
**Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh**: Cumas dul i mbun cumarsáid scríofa agus labhartha atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD agus MBRS, chun eolas agus smaointe a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a chur san áireamh.

- **<u>Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh</u>:** Cumas dul i mbun cumarsáid scríofa agus labhartha atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, chun eolas agus smaointe a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a chur san áireamh.

- **<u>Pleanáil agus Eagrú</u>:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.

- **<u>Feasacht Eagraíochta</u>:** An cumas tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.

- **<u>Athrú a Bhainistiú</u>:** Cumas tabhairt faoi chur chuige dearfach maidir le dul i ngleic leis an obair agus an cumas glacadh le hathrú agus aiseolas a bhaineann le feidhmíocht a lorg agus déileáil leis go cuiditheach.

- **<u>Caidreamh a Fhorbairt</u>:** An cumas caidreamh oibre éifeachtach a fhorbairt laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.

- **<u>Bainistíocht Tionscadail</u>** Cumas a chinntiú go sainítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna inghnóthaithe, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina aghaidh.

- **<u>Daoine a Bhainistiú</u>** Cumas an obair cheart a ailíniú leis na daoine cearta, tascanna a tharmligean de réir láidreachtaí agus leasanna daoine agus a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní réasúnta ag daoine chun rudaí a chur i gcrích.

- **<u>Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht</u>:** An cumas riachtanais na gcustaiméirí a thuiscint agus a mheas roimh ré, ag gníomhú chun táirge agus seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar a chomhlíonann an méid a bhíonn na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir ag súil leis.

- **<u>Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú</u>**: Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a léiriú

<u>Inmhianaithe:</u>

- Taithí ar Chosaint Sonraí.
- Taithí roimhe seo ar oibriú i dtimpeallacht saotharlainne creidiúnaithe agus/nó taithí ar chórais cháilíochta

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**
Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir Acmhainní Daonna sannta.

| | |
|---|---|
| Ainm: | Helen Kearns |
| Teideal: | Príomhanailíseoir |
| Seoladh r-phoist: | helen.kearns@ucd.ie |
| Fón: | 01 7165555 |